# Treoirphlean don Dearadh Curaclaim

Cuireann an Treoirphlean do Dhearadh Churaclam CHARM-EU treoirlínte ar fáil chun dearadh chláir CHARM-EU, chomh maith le dearadh chláir níos leithne na hOllscoile Eorpaí, a threorú agus chun tacú leo. Tugtar tuairisc inti ar an gcaoi le curaclam a dhearadh chun go mbainfear cothromaíocht amach idir féinstiúradh na mac léinn agus an tsolúbthacht le torthaí ciallmhara i leith leibhéil an chláir, agus dul chun cinn sásúil i dtreo carnadh creidmheasa á chinntiú ag an am céanna. Leagtar amach an doiciméad seo mar a leanas:

- Míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndearnadh an treoirphlean a fhorbairt,
- An treoirphlean maidir leis an gcaoi clár CHARM-EU a dhearadh a chur i láthair,
- Samplaí praiticiúla ar úsáid an treoirphlean seo in CHARM-EU a roinnt.

I gcomhthéacs CHARM-EU, féachtar ar dhearadh curaclaim mar phróiseas ardleibhéil lena sainmhínítear na bunphrionsabail oideachais agus an creat ardleibhéil cláir a thagann le misean agus fís CHARM-EU.

Threoraigh gníomhaíochtaí arna ndearadh agus arna gcuireadh ar fáil i gcomhar le mic léinn, le haisteoirí seach-acadúla agus le foireann CHARM-EU dearadh curaclaim CHARM-EU. I measc na ngníomhaíochtaí seo bhí:

- Taighde thánaisteach ar dhearadh curaclaim, ar an oideolaíocht agus ar ábhar chlár MSc.
- Ceardlann maidir le hanailís ar riachtanais na mac léinn.
- Ceardlanna agus suirbhéanna le comhpháirtithe agus foireann inmheánach CHARM-EU le béim ar dhearadh curaclaim.
- Ceardlanna agus suirbhéanna le baill Fhoireann Táirgthe Eolais (KCT) le béim ar dhearadh curaclaim.
- Ceardlanna agus suirbhéanna le daoine aonair ón lucht gnó agus ón tsochaí sibhialta le béim ar dhearadh curaclaim.
- Fóraim maidir le dearadh curaclaim le comhpháirtithe CHARM-EU.

I dteannta na ngníomhaíochtaí seo atá dírithe go sonrach ar dhearadh curaclaim, baineadh leas as ionchur ó shaineolaithe CHARM-EU ar an gcuimsitheacht, ar an rialachas agus ar an tsoghluaisteacht, freisin chun an treoirphlean a threorú agus é a bhunú ar an méid a d’fhéadfaí a bhaint amach laistigh de na hinstitiúidí comhghuaillíochta.

Tá 3 príomhthoisc le cur san áireamh agus curaclam CHARM-EU á dhearadh;

- An bealach modúil a dhearadh trí úsáid a bhaint as prionsabail oideachais agus fealsúnacht oideachais CHARM-EU
- An bealach modúil a leagan amach agus a fhorbairt laistigh de chlár
- An bealach ábhar cláir a fhorbairt

**Cláir oideachais CHARM-EU a dhearadh**

Is príomhghné de dhearadh chlár CHARM-EU an t-aiseolas a fhaightear ó mhic léinn, ó pháirtithe leasmhara seachtracha, agus ón lucht acadúil. Cuireadh an méid seo i bhfeidhm don MSc i nDúshláin Dhomhanda don Inbhuanaitheacht trí Fhóram maidir le hAnailís ar Riachtanais na Mac Léinn agus leis an gCuraclam, trí Fhóram maidir le Gnó agus an tSochaí, agus trí cheardlanna ag comhpháirtithe CHARM-EU maidir leis an oideachas. Ar deireadh, threoraigh an t-aiseolas agus an comhairliúchán seo cruthú phrionsabail oideachais CHARM-EU.

**Clár oideachais CHARM-EU a leagan amach**

Baineann CHARM-EU úsáid as clár nuálach trí chéim le haghaidh an teagaisc agus na foghlama; Ullmhúchán, Solúbtha agus Buaic. Tá modúil i ngach ceann de na céimeanna seo atá deartha chun ailíniú le prionsabail oideachais, fís, misean, agus luachanna CHARM-EU, chomh maith le treoirlínte maidir le hábhar cláir.

**Cláir oideachais CHARM-EU a fhorbairt**

Baintear úsáid as dearadh agus struchtúr chlár CHARM-EU chun an t-ábhar foghlama a fhorbairt trí Fhoirne Táirgthe Eolais (KCT), Cuspóirí Foghlama an Chláir (PLO) agus Cuspóirí Foghlama na Modúl (MLO).